



FORBAIRT IAR-BHUNSCOILE

CÉN RUD É FORBAIRT?

Is clár bliana é Forbairt a thugann deis do scoileanna rannpháirteacha a gcuid eolais, tuisceana, scileanna agus cumas i leith ceannaireacht scoile a shaibhriú agus a fheabhsú trí fhorbairt ghairmiúil, athmhachnamh, comhoibriú agus tabhairt faoi thionscadal feabhsúcháin scoilbhunaithe.

CAD É A BHÍONN I GCEIST?

Le linn na bliana acadúla, tugtar cabhair d'fhoirne scoilbhunaithe Forbairt trí bhíthin clár cuimsitheach tacaíochta. Cuimsíonn sé sin roinnt gnéithe – forbairt ceannaireachta duine le duine, rannpháirtíocht i bpobail foghlaim ghníomhach le scoileanna eile ar an gclár, tionscadal feabhsúcháin scoile a threorú agus a chur i bhfeidhm, agus tacaíocht leanúnach ó Chomhairleoirí Ceannaireachta Oide.

Tá an cur chuige a ghlactar bunaithe ar thaighde, ina ndírítear ar chumas ceannaireachta a fhorbairt trí rannpháirtíocht i ndea-chleachtais fianaisebhunaithe agus athrú ceannaireachta.

CÉ A BHÍONN PÁIRTEACH?

Tá Forbairt oscailte d'fhoirne ceannaireachta scoileanna ina bhfuil príomhoide scoile a bhfuil taithí acu, leas-phríomhoide, agus beirt príomhoidí cúnta.

**Is féidir le scoileanna a bhfuil LP amháin acu an príomhoide nó an LP a roghnú le freastal seachas an bheirt acu. I gcásanna den sórt sin, is féidir le PC eile páirt a ghlacadh sa chlár.*

CAD É IS FIÚ FORBAIRT A DHÉANAMH?

- Léiríonn taighde go mbíonn fíorthionchar follasach ag caighdeán na ceannaireachta scoile ar thorthaí na scoláirí.
- Glacann rannpháirtithe Forbairt páirt i bhforbairt ceannaireachta ar ardchaighdeán a chuirfidh lena gcuid eolais, scileanna agus cumais.
- Forbraíonn foirne ceannaireachta scoileanna a gcumas comhoibríoch agus obair foirne ar mhaithe leis an scoil agus leis na scoláirí.
- Tugtar deis líonrú agus nascadh le foirne ceannaireachta scoileanna eile a chur ar chumas rannpháirtithe tairbhe a bhaint as comhroinnt dea-chleachtas, eispéireas agus acmhainní.
- Cuireann rannpháirtíocht sa chlár tógáil agus buanú samhail den cheannaireacht roinnte chun cinn.
- Baineann foirne ceannaireachta scoileanna tairbhe as cur chun cinn cultúr feabhsúcháin, comhoibríthe, athmhachnaimh, nuálaíochta agus cruthaitheachta.
- Cabhrófar le scoileanna úsáid sonraí agus fianaise a chur i bhfeidhm mar chuid dá gcleachtas ceannaireachta a d'fhéadfadh cur le FMS, DEIS, agus pleanáil feabhsúcháin scoile níos leithne.
- Cabhrófar le foirne scoile tionscadal praiticiúil feabhsúcháin scoile a stiúradh.

CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

[Is féidir teacht ar fhoirm iarratais Forbairt ach cliceáil anseo.](#)